

Páirtí eile sna himeachtaí: Parlaimint na hEorpa

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;
- cinneadh a ghlacadh ar an gcás, agus dá bharr go ndearbhóidh an Chúirt Bhreithiúnas go bhfuil bunús maith leis an gcaingean ag an gcéad chéim;
- a ordú don chosantóir costais uile an dá imeacht a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

1. Earráid dlí maidir le léiriú earráideach an chritéir amhrais a thugann teideal don riarachán idirghabháil a dhéanamh sa phróiseas toghcháin chun Biúro an Choiste Foirne a thoghadh — Réasúnaíocht fhriththráthach — Sárú ar an gceart chun saoirse comhlachais agus comhthionóil (Airteagal 12 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) mar a léirítear sa toirmeasc ar aon chur isteach gan údar ón riarachán sa phróiseas toghcháin sin.
2. Aicmiú mícheart doiciméad áirithe arna tharraingt suas ar iarraidh ón gcosantóir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas toghcháin — Sárú ag an gCúirt ar a hoibleagáid cúiseanna a lua.
3. Saobhadh an chomhaid agus léiriú earráideach ar na rialacha is infheidhme maidir le cruinnithe tionscnaimh an Choiste Foirne — Sárú ar chearta na cosanta.

Iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 16 Lúnasa 2022 – GF v Schauinsland-Reisen GmbH

(Cas C-546/22)

(2022/C 408/45)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Oberster Gerichtshof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: GF

Cosantóir: Schauinsland-Reisen GmbH

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gcaithfear Airteagal 12(3) de Threoir (AE) 2015/2302⁽¹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil bainteacha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (Treoir um thaisteal láneagraithe) a léirmhíniú sa chaoi gur leor, ionas go mbeadh eagraí in ann brath ar chúinsí neamhghnácha dosheachanta nach féidir conradh a chomhlíonadh dá mbarr, gur thug an t-údarás is inniúil rabhaidh taistil a eisiúnt i mBallstát an chustaiméara rabhadh ar an leibhéal is airde i leith na tíre is ceann scríbe roimh thús an turais atá beartaithe?
2. I gcás freagra dearfach ar cheist 1:

An gá Airteagal 12(3) de Threoir (AE) 2015/2302 a léirmhíniú sa chiall nárbh ann d'aon chúinsí neamhghnácha dosheachanta i gcás ina bhfuil taistealaí ar an eolas maidir leis an rabhadh agus le héiginnteacht maidir le forbairt na paidéime as sin amach, ach a dhearbhaigh go raibh fonn air leanúint ar aghaidh leis an turas, agus nach mbeadh sé dodhéanta go ndéanfadh an t-éagraí é?

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil bainteacha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO 2015 L 326, lch. 1).